# FOIRM IARRATAIS

# AN SCÉIM CEANNAIGH (INCRIMITEACH) AG TIONÓNTAÍ 2016

Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

**Comhairle Chontae Liatroma**
***Áras an Chontae***
***Cora Droma Rúisc***
***Chontae Liatroma***

# Seicliosta d'Iarratasóirí

**Sula gcuireann tú d'iarratas isteach deimhnigh, le do thoil:**

- ☐ **Léigh tú an Leabhrán Eolais do Thionóntaí - lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha na Scéime.**
- ☐ **Gur chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais fút féin agus faoi do theaghlach.**
- ☐ **Fianaise ar ioncam/cáipéisí tacaíochta a bheith ceangailte agat mar atá mionsonraithe ar an leathanach ceangaltáin.**
- ☐ **Tar éis seiceáil le d'údarás áitiúil go bhfuil do theach san áireamh faoin scéim.**

Go bhfuil tú éis an dearbhú a shíniú.

**Nótaí:**

1. **Ní phróiseálfaidh d'údarás áitiúil ach foirmeacha iarratais comhlánaithe. Seolfar foirmeacha nach bhfuil comhlánaithe ar ais chugat.**

2. **Ní mór do gach comhcheannaitheoir (céile san áireamh) a bheith ainmnithe mar thionóntaí sula gcríochnaíonn d'údarás áitiúil an díolachán.**

3. **D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar do theaghlach sula gcríochnaíonn d'údarás áitiúil an díolachán. D’fhéadfadh an t-údarás áitiúil seiceálacha a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha (m.sh. Gardaí) maidir le faisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais.**

4. **Ní mór riaráistí d'aon chineál le d'údarás áitiúil a ghlanadh ina n-iomláine sula gcríochnaíonn d'údarás áitiúil an díolachán.**

5. **Tá gach comhfhreagras le d'údarás áitiúil maidir leis an Scéim GAN CHLAONADH AGUS FAOI RÉIR AON ORDÚ AISTRITHE.**

## Iarratas chuig Comhairle Chontae Liatroma chun réadmhaoin a cheannach faoi théarmaí na Scéime Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí 2016.

**Uimhir an Chustaiméara:**_______________

**Seoladh na Réadmhaoine:**__________________________________________________

**Sonraí an Iarratasóra:**

| | Tionónta | Comhthionónta |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Uimhir PSP | | |
| Uimhir Theileafóin | | |
| Seoladh Ríomhphoist | | |
| Stádas Sibhialta (Pósta) | | |
| Foinse(í) Ioncaim* | | |
| Ollioncam Bliantúil | | |

**Céile/Páirtí Sibhialta/Comhchónaitheoir Tionónta a bhfuil cónaí air/uirthi sa Teach (mura comhthionónta é/í):**

| Ainm | Gaol leis an tionónta | Uimhir PSP | Foinse(í) Ioncaim* | Ollioncam bliantúil |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

** Ní mór doiciméadú mar a shonraítear in Aguisín 1 den fhoirm seo a bheith mar thaca le fianaise ar ioncam.  Tá foinsí ioncaim nach féidir a chur san áireamh ceangailte freisin.*

**Ar cheannaigh tú áitreabh roimhe seo faoi scéim ceannaigh ag tionóntaí nó faoi scéim ceannaigh incriminteach?** Tá: ☐ Níl: ☐

**Cad é an fhoinse maoinithe atá beartaithe don airgead ceannaigh?**

Acmhainní Dílse*: ☐ Morgáiste Príobháideach: ☐ Iasacht Údaráis Áitiúil: ☐

** ní ghlacfar le híocaíochtaí airgid tirime.*

---

**Cionta Oird Phoiblí**

Sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo, ar ciontaíodh aon duine den teaghlach i gcion faoi na hailt seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994? Cuir tic le tá/níl thíos

| **Cion** | **Tá** | **Níl** |
|---|---|---|
| Cuid 5: Iompar mí-ordúil in áit phoiblí. | | |
| Cuid 6: Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí | | |
| Cuid 7: Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí. | | |
| Cuid 14: Círéib | | |
| Cuid 15: Mí-ord foréigneach | | |
| Cuid 19: Ionsaí nó bac ar oifigeach síochána nó ar phearsanra seirbhísí éigeandála | | |

Más 'Tá' a d'fhreagair tú, tabhair sonraí thíos (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí an chiontaithe):

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**Orduithe Cúirte**

Sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo, an raibh aon bhall den teaghlach ina ábhar d'Orduithe Cúirte faoi na forálacha reachtúla seo a leanas? Cuir tic le Tá/Níl thíos

| **Ordú Cúirte** | **Tá** | **Níl** |
|---|---|---|
| Ailt 3, 3A nó 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997:<br>Ábhar ordaithe eisiaimh nó ordaithe eisiata eatramhaigh | | |
| Alt 257D d'Acht na Leanaí 2001 (Uimh. 24 de 2001):<br>Ábhar d'ordú iompraíochta | | |
| Alt 115 den Acht um Chheartas Coiriúil 2006 (Uimh. 26 de 2006):<br>Ábhar d'ordú sibhialta. | | |

Más 'Tá' a d'fhreagair tú, tabhair sonraí thíos (lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí an ordaithe):

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**TÁBHACHTACH - Faisnéis le bheith curtha ar aird an iarratasóra**

**Fógra faoi Chionta**

Foráiltear le halt 32(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus le halt 6 den Acht Fíneálacha 2010 gur cion é, atá inphionóis ar chiontú ag fíneáil aicme C (i.e. méid nach mó ná €2,500 ach is mó ná €1,000), do dhuine faisnéis le doiciméid atá bréagach nó míthreorach a sholáthar go feasach nó aon fhíoras ábhartha a cheilt go feasach i ndáil le teach a cheannach faoi Chuid 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. Foráiltear le halt 32(8) d'Acht 2009 go bhféadfaidh údarás tithíochta aon chaiteachas níos airde a thabhaigh an t-údarás ar theach a dhíol mar gheall ar spleáchas ar fhaisnéis bhréagach, mhíthreorach nó nár nochtadh a ghnóthú ó dhuine a ciontaíodh i gcion faoi alt 32(7).

**Bailiú agus Úsáid Sonraí**

Tá feidhm iomlán ag do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus beidh siad leagtha amach go soiléir sna beartais agus

nósanna imeachta ábhartha maidir le cosaint sonraí don údarás áitiúil a bhfuil d'iarratas á chur isteach agat chuige. Má tá aon cheist agat maidir le do chearta faoi RGCS, d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe don údarás áitiúil sin. Soláthróidh an t-údarás áitiúil sonraí maidir le conas do cheist a chur isteach go díreach.

**Tuilleadh eolais**

Má iarrann Comhairle Chontae Liatroma ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí faisnéis bhreise a sholáthar laistigh de cheithre seachtaine.

Tá gach comhfhreagras idir Comhairle Chontae Liatroma agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí gan chlaonadh agus faoi réir aon Ordú Aistrithe.

**Dearbhú**

- Déanaim/Déanaimid* iarratas leis seo ar Comhairle Chontae Liatroma chun an teach thuas a cheannach faoi théarmaí Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí 2016.

- Glacaim/Glacaimid* leis nach dtugann teach a bheith díolta faoin scéim seo le tuiscint go bhfuil aon bharántas ar thaobh an údaráis tithíochta maidir le staid deisiúcháin nó riocht an tí nó a fheiliúnachta chun daoine cónaí ann agus toisc go mbeidh luach ar an teach ar bhonn an bhail atá air cheana féin, nach bhfuil aon oibleagáid ar an údarás tithíochta an teach atá á cheannach faoin scéim a chur i ndea-riocht struchtúrach sula ndíolfar é.

- Glacaim/Glacaimid* leis gurb é an ceannaitheoir atá freagrach as cothabháil agus deisiú an áitribh tar éis é a bheith díolta.

- Glacaim/Glacaimid leis, mura dtugtar treoir dá mhalairt, go ndéanfaidh Comhairle Chontae Liatroma an gceannach a chríochnú, socrú go ndílseofar an teach i gcomhainmneacha an tionónta agus a c(h)éile/pháirtnéir sibhialta.

- Dearbhaím/Dearbhaímid* go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé/muid ar an iarratas seo fíor agus ceart.

- Údaraím/Údaraímid* don údarás tithíochta cibé fiosruithe a dhéanamh a mheasann sé is gá chun sonraí m'iarratais/ár n-iarratais a fhíorú.

- Tá a fhios agam/againn gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt a d'fhéadfadh ionchúiseamh a bheith mar thoradh air.

**(Scrios mar is iomchuí)*

Sínithe:___________________________
Tionónta

Dáta: ___________________________

Sínithe:___________________________
Comhthionónta

Dáta: ___________________________

## Aguisín 1: Faisnéis maidir le hioncam d'iarratasóirí

**Ioncam inríofa** - Áireoidh údarás tithíochta na foinsí agus na haicmí ioncaim seo a leanas agus ioncam inríofa á chinneadh (Tabhair faoi deara go ríomhtar ioncam inríofa mar ollioncam.):

| | |
|---|---|
| (a) | Ioncam ó fhostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht. |
| (b) | Íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiún, mar a leanas:<br>(i) Am breise - teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam, ach amháin sa chás go mbíonn patrún ragoibre rialta ann;<br>(ii) Bónais – teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam;<br>(iii) Coimisiún – teoranta d'uasmhéid 30% den bhunioncam; |
| (c) | Íocaíochtaí cothabhála faighte |
| (d) | Ioncam ó réadmhaoin ar léas, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus ó fhoinsí eile ioncaim dá chineál. |
| (e) | Áirítear leis an ioncam inríofa freisin na Pinsin Ranníocacha agus Neamhranníocacha Stáit, Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamhranníocach), Pinsean na nDall, Pinsean Easláine agus Liúntas Míchumais mar phríomhfhoinse ioncaim. Déileálfar le gach íocaíocht leasa shóisialaigh eile a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí mar fhoinse thánaisteach ioncaim, i.e. is ioncam inríofa é íocaíocht leasa shóisialaigh le tionónta a fhaigheann ioncam ó fhostaíocht, mar aon le híocaíocht leasa shóisialaigh le céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir tionónta atá fostaithe, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an íocaíocht sin sa bhreis ar ioncam fostaíochta an chéile, an pháirtnéara shibhialta nó an chomhchónaitheora sin. |
| (f) | Pinsin, ó cibé foinse, lena n-áirítear ó thar lear. |

**Neamhaird Ioncaim** - Níl ioncam ó na foinsí seo a leanas inríofa faoin scéim agus ní áirítear é chun ollioncam tionónta a chinneadh:

| | | | |
|---|---|---|---|
| a) | Sochar Linbh, | v) | Íocaíochtaí a dhéanann Ballstát eile den AE agus/nó an Ríocht Aontaithe (Comhlimistéar Taistil) a bhaineann le Sochar Linbh, |
| b) | Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra agus Sochar Cúramóra ar Leathráta, | w) | Liúntas oiliúna athshlánaithe, |
| c) | Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach & Neamhranníocach), | x) | Liúntas Síorfhreastail, |
| d) | Íocaíochtaí Riachtanas Breise (Eisceachtúil agus Práinneach) | y) | Pacáiste Sochar Teaghlaigh (lena n-áirítear Liúntas Leictreachais agus Gáis), |
| e) | Forlíonadh Aiste bia, | z) | Liúntas Teileafóin, |
| f) | Liúntas Breosla, | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| g) | Deontas Tacaíochta do Chúramóirí, | aa) | Méadú as Cónaí ar Oileán Sonraithe, |
| h) | Liúntas Gaoil Forordaithe, | bb) | Íocaíochtaí faoin Scéim Cúraim Leighis, |
| i) | Liúntas Maireachtála Aonair (Pinsean), | cc) | Sochar Míthreorach, |
| j) | Liúntas Cúraim Baile, | dd) | Deontas Tacaíochta Oiliúna, |
| k) | Tús (Tionscnamh Socrúchán Oibre Pobail), | ee) | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil, |
| l) | Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas, | ff) | An Scéim um Chúnamh Daonnúil, |
| m) | Gateway (Scéim Gníomhachtaithe Údaráis Áitiúil), | gg) | Deontas Sochraide, |
| n) | Clár Fostaíochta Pobail, | hh) | Clár Seirbhísí Pobail |
| o) | Liúntas Altrama, | ii) | Clár Socrúcháin Taithí Oibre |
| p) | Liúntas Leasa na nDall, | jj) | Íocaíochtaí i leith cúrsaí oideachais nó oiliúna, |
| q) | Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair, | kk) | Liúntas Soghluaisteachta, |
| r) | Deontais do mhic léinn agus scéimeanna scoláireachta, | ll) | Ioncam a shaothraigh leanaí. |
| s) | An Scéim Teagaisc Bhaile, | | |
| t) | Liúntas oiliúna Ógtheagmháil, | | |
| u) | Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanúla, arb é ceann dá bhfeidhmeanna cúnamh a thabhairt do dhaoine i ngátar trí dheontais airgid a thabhairt dóibh, | | |

**Ioncam aonuaire, sealadach/gearrthéarmach**

Agus ioncam inríofa á chinneadh, tabharfaidh údarás tithíochta neamhaird ar ioncam atá aonuaire, sealadach nó gearrthéarmach agus atá lasmuigh de phatrún rialta ioncam bliantúil duine. Seachas sin, i gcás ina n-athraíonn ioncam ó sheachtain go seachtain, cinnfear ioncam inríofa ar bhonn mheántuilleamh duine thar ghnáth-thréimhse oibre.

**Cáipéisí Tacaíochta le Ceangail le hIarratas**

Ní mór an fhianaise dhoiciméadach seo a leanas, lena bhfíoraítear na cineálacha éagsúla ioncaim inríofa, a chur isteach:

- Ioncam fostaithe Ceann amháin nó an dá cheann de na Foirm Fostaíochta Achoimre Sonraí agus duillíní pá do gach fostaíocht agus, nuair is gá, deimhniú tuarastail fostóra

sínithe agus stampáilte, ina luaitear téarmaí fostaíochta, buntuarastal, ragobair, coimisiún, bónais agus aon íocaíochtaí eile;

- Ioncam ó fhéinfhostaíocht Cóip de na cuntais ioncaim agus caiteachais do gach gnó nó doiciméadacht den sórt sin a shásaíonn an t-údarás tithíochta maidir le cineál agus méid an ioncaim atá i gceist;

- Íocaíochtaí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí Doiciméid a d'eisigh an Roinn sin, ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

- Ioncam cíosa ó thalamh nó ó réadmhaoin Cóip de chuntais nó ráiteas ar ioncam cíosa

- Ús ar choigilteas, ar infheistíochtaí nó ar dhíbhinní Ráiteas ón institiúid airgeadais nó ón soláthraí eile, ina sonraítear an méid a íocadh;

- Pinsean seachas pinsean a d'íoc an Roinn Coimirce Sóisialaí Doiciméad eisithe ag an gcomhlacht lena mbaineann, ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

- Íocaíochtaí cothabhála faighte: An tOrdú Cúirte, socrú nó comhaontú foirmiúil nó neamhfhoirmiúil cothabhála, nó ráiteas aturnae, ina sonraítear méid agus minicíocht agus dáta deiridh na n-íocaíochtaí, agus fianaise dhoiciméadach go bhfuil na híocaíochtaí riachtanacha á ndéanamh de réir an ordaithe, an tsocraithe, an chomhaontaithe nó an ráitis lena mbaineann;

- Ioncam ó aon fhoinse eile: Fianaise dhoiciméadach ón duine nó ón gcomhlacht cuí atá i gceist, ina sonraítear foinse agus cineál an ioncaim agus an méid a íocadh.